



2. Cúige Mumhan

CEACHTANNA

Dáta an chláir: 23.11.2008

Eochair: NÓM = Nollaig Ó Muraíle, MH = Mícheál Holmes

Athscríobh:

MH: Sharon Shannon ansin agus cairde léi, tugann Sharon *The Munster Hop* air sin, *The Munster Hop* agus is go dtí *Munster* a bheas muid féin ag hopáil anois sa chlár *Sloinne agus Seoladh* go gcloisfidh muid Nollaig Ó Muraíle

Cé as a dtáinig na hainmneacha a bhaineann leis na **contaetha éagsúla Contae Chiarraí, Contae an Chláir, Luimneach, Port Láirge, Tiobraid Árann**, céard é an ceann eile? **Corcaigh**. Sé chontae san iomlán, ach tá seanchleachtadh ag Nollaig a bheith ag féachaint siar sa **stair** ar ainmneacha, mar tharla gurb é an **saineolaí** is mó ar *Leabhar na nGinealach* le Dubhaltach Mac Fhirbhisigh. Ach anseo cloisimid é ag caint faoin **gcúige is faide ó dheas** sa tír seo

NÓM: Cúige Mumhan i dtosach b'fhéidir gur cheart rud éicint a rá faoin ainm 'Mumhain' nó 'Mumu' sa tSean-Ghaeilge, níl an tuairim is lú againn céard a **chiallaíonn** sé, is **mistéir** amach is amach é, ní fhaca mé aon mhíniú tugtha air riamh ach M-U-M-U a scríobhtar sa tSean-Ghaeilge sa **tuiséal ainmneach** agus ansin 'Mumhain' óna dtagann an **leagan Béarlaithe Munster**. Dála an scéil an *ter* Leinster, Munster, Ulster, an *ter* sin ag an deireadh sin tír, Mumhain's tír, an 's' tagann sé ón **Lochlannais**, agus d'úsáid siad dhá fhocal Gaeilge 'Mumhain' agus tír, 'Laighin' agus 'tír', 'Ulaidh' nó 'Ul' agus 'tír', chuir siad 's' leis an **tuiséal ginideach** a chur in iúl istigh sa lár, ní dhearna siad é le Connacht, is dócha go raibh Connachtster **ró-achrannach**. Sé chontae ar ndóigh atá i gCúige Mumhan, ag tosú le Contae an Chláir

MH: Áit **chothrom**, tá a fhios agam féin é sin

NÓM: Sea. Arís an ceann is deireanaí díobh, níl aon **trácht** ar an **gClár** roimh thús an **14ú aois**. Rud amháin atá suimiúil faoi **Chontae an Chláir** ceann de na **comhtharlúintí** seo a tharlaíonn amantaí gur tugadh **seilbh** an chontae nó cuid den chontae d'fhear darbh ainm Thomas De Clare. Níl a fhios agam an raibh aon bhaint aige sin leis an ainm **an Clár** a thabhairt. Is dóigh liom gur áit a bhfuil **Caisleán an Chláir** nó *Clarecastle* is dó sin a tugadh an t-ainm i dtosach. Tá daoine áirithe ann a dhéanann an argóint gur chiallaigh 'clár' 'droichead', **cláracha** ag dul thar abhainn, ach is dóigh liom gur mó an seans gur ag tagairt do **thalamh réidh** atá sé ach ní dhéanfainn argóint róláidir b'fhéidir ar a shon sin

Ansin **Corcaigh** an t-ainm a bhí air sa sean-am agus tagairt dó chomh fada siar le deireadh an **7ú aois**, sin míle trí chéad bliain ó shin, **Corcach Mhór Mumhan** agus 'corcach' **ciallaíonn** sé 'criathrach' nó áit bhog, áit a mbíodh **tuilte** agus mar sin de, Corcach 'the great marsh of Munster', is iontach an t-ainm é. Agus **Corcaigh** díreach an **tuiséal tabharthach** den fhocal 'corcach'

Ciarraí ansin, an t-ainm is **ársa** díobh ar fad, ón **mbandia** Ciar nó Ciara, tá tagairt di sna **clocha oghaim** mar 'QERA' agus ciallaíonn 'ciar' 'dubh', só an bhanríon dhubh atá inti agus Ciarraighe, an 'raighe' sin ciallaíonn sé 'ríocht', nó is **mír** a thagann ag deireadh ainmneacha áirithe a chuireann **dream daoine** in iúl, Músraighe [Músraí] Beantraighe [Beantraí] agus mar sin de, tá sé le fáil ar fud na háite

MH: Ab in é an 'ciar' céanna atá san ainm Ciarán?

NÓM: Is é an focal céanna é, ní hé an duine céanna é, mar is **ainm mná** atá taobh thiar den ainm Ciara

MH: Agus céard a bheadh i gceist, gruaig dhorcha ab ea?

NÓM: Gruaig dhorcha is dóigh, sea ciar, Ciarán

MH: Dorcha nó dubh atá i gceist le 'ciar'?

NÓM: Sin é go díreach

MH: Agus Ciarraí?

NÓM: Ciarraí, na daoine **sólraithe ón mbanríon** nó **ceangailte leis** an mbanríon seo den ainm seo Ciar. Agus ar ndóigh bhí Ciarraí, **dream daoine**, bhí siad in áiteacha éagsúla, tá cáil ar an dream a thug an t-ainm do **Chiarraí Luachra** agus is as sin a tháinig ainm an chontae, **Contae Chiarraí**. Ach i gcúige Mumhan bhí **Ciarraí**



2. Cúige Mumhan

CEACHTANNA

Cuirche, ainm barúntachta in aice le **Cionn tSáile** agus bhí Ciarraí i gConnachta, oirthear Mhaigh Eo thart ar **Chnoc Mhuire**, **Béal Átha hAmhnais** b'in **Ciarraí** agus soir go dtí an **Caisleán Riabhach** sin **Ciarraí Chonnacht**

MH: Agus céard a bheadh i gceist sa chás sin?

NÓM: **Dream**, de réir an **tseanchais**, dream de na Ciarraí a tháinig **aneas**...

MH: Go raibh siad **scaipthe** timpeall

NÓM: Sa 5ú nó sa 6ú **aois** tús **ré na Críostaíochta** agus is cosúil **bunús** éigin a bheith leis sin mar is suimiúil an rud é gur i gceantar na **gCiarraí** i gConnacht is mó atá na **clocha oghaim** le fáil i gConnachta. Ar ndóigh tá níos mó clocha oghaim i **gCiarraí** féin ná in aon chontae eile in Éirinn

MH: An mar sin é? Ní raibh a fhios agam sin

NÓM: Sin rud suimiúil. Pé scéal é ar aghaidh ansin go dtí **Luimneach** nó **Luimreach** más mian leat le fuaim "r". Agus **anois** go **hiondúil** déarfad leat go dtagann sé ón bhfocal **lom**, gur áit lom gan **foscadh** nó rud ar bith ach tá an **teoiric** eile ann gur ó fhocal **Sean-Ghaeilge** 'lumman' a chiallaigh a mhalairt ar fad, 'lumman' focal Sean-Ghaeilge a chiallaigh '**clóca**' só mar sin áit a raibh foscadh, áit ar **an tSionainn** b'fhéidir a bhféadfadh long nó bád...

MH: **lucht na mbád** teacht isteach

NÓM: Sea agus braithim go bhfuil **níos mó céille** leis sin. Tá áiteanna éagsula ar fud na tíre den ainm, tá **Cloonlumney** in Iarthar **Mhaigh Eo**, tá **Luimneach** eile i **gContae Loch Garman** agus mar sin de

MH: Ach is áit é, ar chuma ar bith, dá mbeifeá ag iarraidh do bhád a chur ar foscadh?

NÓM: Is dóigh gurb é sin é sea. Téann an t-ainm siar i bhfad, i bhfad, i bhfad tá an chéad **tagairt** dó faoin mbliain 571, tá sé **an-ársa**

Ansin **Tiobraid Árann**, 'tiobraid' focal eile ar 'thobar', '**tobar**' agus 'ára' is **dúiche** a bhí i gceist, an focal céanna atá san ainm **Árainn**. Agus tá an tuairim curtha chun tosaigh ag iarchomhghleacaí liomsa roinnt blianta ó shin na hainmneacha seo a chríochnaíonn ar -ra agus -re go háirithe in **iarthar na tíre**, gur **seanfhocla** iad a chiallaigh '**oileán**', ainm b'fhéidir **réamhghaelach** **Ára, Cliara, Cléire** agus a leithéidí sin, **Reachra** freisin, **Reachlainn** i **gContae Aontroma**, agus amach ó chósta **Bhaile Átha Cliath**, go gcaithfidh go gciallaíonn gach ceann acu sin oileán, sin **Tiobraid Árann**

Agus ansin an ceann deiridh, **Waterford**, **Port Láirge** gan dabht. **Port Láirge**, deacair a rá, 'port' ceart go leor, áit taobh le habhainn

MH: **Bruach**

NÓM: Bruach. Agus ansin láirge, an **míniú traidisiúnta**, 'the bank of the haunch'. Agus tá scéal ann faoi dhuine a maraíodh agus píosa dhá chois a fágadh ar bhruach na habhann. Ach tá an-seans ann gur **ainm pearsanta** atá ann, tá **ainm mná** 'Láirg' agus b'fhéidir mar sin **Port Láirge**, go mb'fhéidir gur **ainmníodh aisti** é, tá sé deacair a bheith cinnte. Agus maidir leis an **Waterford** an focal, ní uisce atá i gceist le **water** ach **wether**

MH: **Caora?**

NÓM: **Caora fireann** mar a dearfá, 'wether inlet' agus 'fjord' gan dabht. Sin é atá i gceist ansin, **de réir dealraimh**



2. Cúige Mumhan CEACHTANNA

Ceisteanna

1. Cén t-ainm atá ar an **bport** a chas Sharon Shannon agus cairde léi?

.....

2. Cé mhéad contae atá i **gCúige** Mumhan?

.....

3. Cad is **brí** le ‘ter’ ag deireadh Mun**ster**, Leinst**er** agus Ul**ster**?

.....

4. Cén t-ainm a bhí ar Chorcaigh sa sean-am?

.....

5. Céard é an t-ainm is ársa (is sine) de na contaetha ar fad i **gCúige** Mumhan?

.....

6. Meaitseáil na contaetha leis na **mbríonna** atá leo dar le Nollaig Ó Muraíle.

Contae	Brí
An Clár	tobar Ára
Corcaigh	bruach na gcaorach fireann
Ciarraí	áit bhog
Luimneach	ainm cine – daoine síolraithe ó Chiar
Tiobraid Árann	talamh réidh nó droichead/cláracha ag dul thar abhainn
Port Láirge	áit lom gan foscadh nó áit a raibh foscadh